Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 18 Feabhra 2022
(OR. fr)

6201/22

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0026(COD)**

**CODEC 148**
**ECOFIN 116**
**RELEX 178**
**COEST 53**
**NIS 7**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le cúnamh macrairgeadais a chur ar fáil don Úcráin **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>- Cinneadh maidir le maolú ar an tréimhse 8 seachtaine dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Phrótacal 1 maidir le ról na bparlaimintí náisiúnta san Aontas |

1. An 1 Feabhra 2022, chuir an Coimisiún[1] a thogra, atá bunaithe ar Airteagal 212 CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. An 16 Feabhra 2022, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú ar tháinig na hinstitiúidí air agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle[2] leis.

[1] 5849/22.
[2] 6197/22.

3. Mar thoradh air sin, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air a mholadh don Chomhairle an méid seo a leanas a dhéanamh:

- an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 5/22 é, a fhormheas mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo;

- a mhaolú, ar bhonn an dara fomhír d'Airteagal 3(3) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle, ar an tréimhse 8 seachtaine dá dtagraítear sa chéad fhomhír den Airteagal sin, i bhfianaise na práinne atá leis an ábhar mar a leagtar amach i mbrollach an ghnímh reachtaigh.

4. Ag an am céanna, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a chinneadh, i gcomhréir leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 12(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle agus i gcomhréir le hAirteagal 1 de Chinneadh (AE) 2021/2098 ón gComhairle[3], go n-úsáidfidh an Chomhairle an nós imeachta i scríbhinn chun an Cinneadh thuasluaite a ghlacadh mura mbeidh aon chruinniú ag an gComhairle agus córam ann faoin 24 Feabhra 2022.

5. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtaráin Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.

---

[3] Cinneadh (AE) 2021/2098 ón gComhairle an 25 Samhain 2021 lena gcuirtear síneadh breise leis an maolú sealadach ar Rialacha Nós Imeachta na Comhairle a tugadh isteach le Cinneadh (AE) 2020/430, i bhfianaise na ndeacrachtaí taistil a chruthaigh paindéim COVID-19 san Aontas (IO L 427, 30.11.2021, lch. 194 –195).